**RABHADH**

**CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

| |
|---|
| |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008**

**DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH 2008, MAIDIN 9.30-12.00**

# EACNAMAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint ar fhreagairt shoiléir ghonta agus ar ord slachtmhar an ábhair.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

## ROINN B (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná scríobh** freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT.**

# ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Cuir isteach na tosca táirgeachta agus / nó an íocaíocht ar an toisc sna spásanna cuí thíos:

| **TOISC** | | | CAIPITEAL | |
|---|---|---|---|---|
| **ÍOCAÍOCHT** | CÍOS | PÁ | | BRABÚS / CAILLTEANAS |

**(16 mharc)**

**2.** Líon isteach na focail atá in easnamh sna spásanna thíos agus comhlánaigh ainmneacha na n-institiúidí airgeadais idirnáisiúnta:

**(i)** **BCE** ______________ ______________ Eorpach ______________

**(ii)** **ETD** ______________ Trádála ______________ ______________

**(iii)** **CAI** ______________ Airgeadaíochta ______________ **(16 mharc)**

**3.** Luaigh **dhá** shampla d'ioncam reatha an rialtais agus **dhá** shampla de chaiteachas reatha an rialtais.

| Ioncam Reatha an Rialtais | Caiteachas Reatha an Rialtais |
|---|---|
| 1. | 1. |
| 2. | 2. |

**(16 mharc)**

**4.** Is í seo a leanas an fhoirmle chun Praghasleaisteachas an Éilimh a thomhas:

$$\frac{\Delta Q}{\Delta P} \times \frac{P_1 + P_2}{Q_1 + Q_2}$$

Comhlánaigh an tábla seo a leanas agus taispeáin cad dó a seasann gach ceann de na siombailí thuas:

| | |
|---|---|
| **$\Delta Q$** | |
| **$\Delta P$** | |
| **$P_1$** | **Praghas tosaigh an earra.** |
| **$P_2$** | |
| **$Q_1$** | |
| **$Q_2$** | |

**(16 mharc)**

**5.** Is bonn tuisceana amháin é den **iomaíocht neamhfhoirfe** ná gur gar-ionadaithe iad na hearraí a tháirgtear. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus luaigh **dhá** bhonn tuisceana eile.

**Míniú**: ______________________________________________


______________________________________________

**Bonn tuisceana 1**: ______________________________________________

**Bonn tuisceana 2**: ______________________________________________

**(16 mharc)**

**6.** Baineann an léaráid thíos le **soláthar uisce bhuidéalaithe** in Éirinn.




**(i)** Ar an léaráid, taispeáin an iarmhairt a bheidh ag méadú praghais ar an gcainníocht a sholáthrófar. Bain úsáid as na lipéid $P_2$ agus $Q_2$.

**(ii)** Ar an leáráid, taispeáin an iarmhairt a bheidh ag laghdú sna costais táirgeachta ar chuar an tsoláthair. Bain úsáid as an lipéad $S_2$.

**(17 marc)**

**7.** Luaigh buntáiste eacnamaíoch **amháin** agus míbhuntáiste eacnamaíoch **amháin** a bhaineann le tógáil leanúnach na mbóithre dola nua ar fud na hÉireann.

**Buntáiste eacnamaíoch amháin**: ______________________________

______________________________

**Míbhuntáiste eacnamaíoch amháin**: ______________________________

______________________________

**(17 marc)**

**8.** Tugtar an t-eolas seo a leanas duit faoi thrádáil tíre.

| Onnmhairí Sofheicthe € milliún | Allmhairí Sofheicthe € milliún | Comhardú na Trádála € milliún | Barrachas nó Easnamh |
|---|---|---|---|
| 18,000 | 17,800 | 200 | Barrachas |

Dá laghdófaí leibhéal na n-onnmhairí sofheicthe de €500 milliún, mínigh an iarmhairt a bheadh aige sin ar Chomhardú Trádála na tíre. **Taispeáin do chuid oibre.**

| **Obair** | **Míniú:** ______________________________ |
|---|---|
| | ______________________________ |
| | ______________________________ |
| | ______________________________ |

**(17 marc)**

**9.** Cé acu ceann de na foirmlí thíos a sheasann don iolraitheoir i n**geilleagar oscailte**? (Roghnaigh Rogha A **nó** Rogha B agus scríobh do fhreagra sa spás atá ann dó.) Mínigh do rogha.

| Rogha A | Rogha B | Freagra |
|---|---|---|
| $\frac{1}{1-(MPC-MPM)}$ | $\frac{1}{1-MPC}$ | Rogha ________ |

**Míniú:** ______________________________

______________________________


**(17 marc)**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

# ROINN B (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná scríobh** freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** Sa léaráid thíos taispeántar gnólacht **Monaplachta** i gcothromaíocht.




**(a)** (i) Cóipeáil an léaráid thuas i do fhreagarleabhar.
Comhlánaigh / scríobh ina n-iomláine gach ceann de na sé lipéad a bhfuil líne fúthu.

(ii) Tarlaíonn cothromaíocht ag an b**pointe E** ar an léaráid.
Taispeáin ar do léaráid:
- an t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht. (úsáid lipéad $Q_1$)
- an praghas a ghearrfar ar an aschur seo. (úsáid lipéad $P_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir. (úsáid lipéad $C_1$)

(iii) Deirtear de ghnáth go mbíonn margadh monaplachta ina mhargadh neamhéifeachtach.
Mínigh an bhrí atá leis an ráiteas seo. Déan tagairt do do léaráid i do fhreagra.

*(30 marc)*

**(b)** D'fhéadfadh fonn a bheith ar ghnólachtaí nua dul isteach i margadh monaplachta ach bíonn bacainní ar iontráil rompu.
(i) Luaigh **trí** cinn de na bacainní seo.
(ii) Scríobh nótaí gearra ar **gach** ceann díobh seo.

*(21 marc)*

**(c)** (i) Luaigh sampla **amháin** de mhargadh in Éirinn atá ina mhonaplacht, dar leat.
(ii) Má thagann athrú ar chúrsaí agus má ligtear do ghnólachtaí nua dul isteach sa mhargadh seo, luaigh agus mínigh buntáiste eacnamaíoch **amháin** agus míbhuntáiste eacnamaíoch **amháin** a bhaineann leis an bhforbairt seo do **gach ceann** díobh seo a leanas:
- Tomhaltóirí;
- Fostaithe an ghnólachta monaplachta.

*(24 marc)*
**[75 marc]**

**2.** **(a)** Féachtar ar an ola mar 'earra eacnamaíoch' mar tá sé gann, inaistrithe agus soláthraíonn sé áirgiúlacht.

(i) Mínigh gach ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
(ii) Luaigh sampla **amháin** de 'shaorearra'. Mínigh do fhreagra.

*(20 marc)*

**(b)** D'fhéadfadh na tosca seo a leanas a bheith ina gcúiseanna le cuar an éilimh ar an ola **nó le** cuar an tsoláthair don ola a aistriú ar dheis nó ar clé:

- faightear **soláthar nua ola** amach ó chósta na hÉireann;
- **laghdaítear** leibhéal na gcánacha indíreacha ar an ola;
- tá méadú sa dífhostaíocht agus dá bhrí sin tá **titim** i leibhéil ioncaim laistigh den gheilleagar.

Maidir le gach ceann de na tosca thuas:

(i) luaigh an cuar an éilimh **nó** cuar an tsoláthair a aistreofar;
(ii) luaigh cé acu ar dheis nó ar clé a aistreofar an cuar a luann tú;
(iii) mínigh **cén fáth** ar aistríodh an cuar sa treo a luann tú.

*(30 marc)*

**(c)** Tá ag méadú i rith an ama ar thomhaltas na hola timpeall an domhain.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis eacnamaíocha leis an bhforbairt seo.
(ii) Luaigh agus mínigh conas a d'fhéadfadh **gach** ceann díobh seo cabhrú le tomhaltas na hola a laghdú:
- Tomhaltóirí;
- Gnólachtaí;
- Rialtas na hÉireann.

*(25 marc)*
**[75 marc]**

**3.** **(a)** Tá talamh ag teastáil ó chomhlacht tógála le haghaidh tithe a thógáil.
Freisin caithfidh an comhlacht amhábhair a cheannach, pá a íoc leis na fostaithe agus aisíocaíochtaí iasachta a dhéanamh ar airgeadas a fuarthas chun innealra a cheannach.

(i) Mínigh talamh mar thoisc tháirgeachta.
(ii) Sainmhínigh na téarmaí: **costais sheasta** agus **costais athraitheacha**.
(iii) Luaigh cé acu an sampla de chostais sheasta nó de chostais athraitheacha gach ceann de na trí íocaíocht **a bhfuil líne fúthu thuas**.

*(25 marc)*

**(b)** Tháinig laghdú ar an éileamh ar thithíocht in Éirinn in 2008.

(i) Luaigh agus mínigh cúis eacnamaíoch **amháin** a d'fhéadfadh a bheith taobh thiar den laghdú seo.
(ii) Luaigh agus mínigh conas a d'fhéadfadh an laghdú seo tionchar a oibriú ar **gach** ceann díobh seo a leanas:
- fostaíocht laistigh den tír;
- ioncam cánach;
- brabús laistigh de thionscal na tógála.

*(20 marc)*

**(c)** Tá an inimirce níos mó ná an eisimirce in Éirinn faoi láthair.
(i) Mínigh an dá théarma a bhfuil líne fúthu.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis leis an bhforbairt a luaitear thuas.
(iii) Luaigh agus mínigh na hiarmhairtí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag an inimirce bhreise ar **gach** ceann díobh seo a leanas:
- Margadh saothair na hÉireann;
- An t-éileamh ar sheirbhísí Stáit;
- Gnólachtaí sa tionscal miondíola / seirbhíse (e.g. bainc, ollmhargaí).

*(30 marc)*
**[75 marc]**

**4.** **(a)** Ceann amháin d'fheidhmeanna an airgid is ea a bheith ina mheán malairte.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh **dhá** fheidhm eile atá ag an airgead.
(iii) Seachas nótaí agus boinn airgid, luaigh rud **amháin** eile a úsáidtear go ginearálta mar airgead.

*(20 marc)*

**(b)** Ní mór do na bainc thráchtála in Éirinn aghaidh a thabhairt anois ar bhreis iomaíochta.

(i) Ainmnigh **dhá** bhanc tráchtála atá ag feidhmiú in Éirinn.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis leis an méadú san iomaíocht.
(iii) Luaigh agus mínigh conas a d'fhéadfadh an iomaíocht bhreise seo dul i bhfeidhm ar **gach** ceann díobh seo a leanas:
- custaiméirí na mbanc;
- scairshealbhóirí sna bainc.

*(25 marc)*

**(c)** Pléigh na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith aige ar **gach** ceann díobh seo a leanas dá ndéanfadh an Banc Ceannais Eorpach na rátaí úis a laghdú:

- leibhéal an éilimh ar earraí agus ar sheirbhísí in Éirinn;
- morgáisteoirí;
- gnólachtaí;
- lucht coigiltis.

*(30 marc)*
**[75 marc]**

**5.** **(a)** Is féidir na cánacha seo a leanas in Éirinn a rangú mar chánacha díreacha nó mar chánacha indíreacha:

**CBL** **ÍMAT** **CÁIN BHRABÚIS CHORPARÁIDE**

(i) Mínigh an dá théarma a bhfuil líne fúthu.
(ii) Déan gach ceann de na cánacha thuas a rangú mar cháin dhíreach *nó* mar cháin indíreach.
(iii) Luaigh an **rud** ar a ngearrtar gach ceann faoi seach de na cánacha thuas.

*(25 marc)*

**(b)** Dá laghdódh rialtas na hÉireann rátaí na cánach ioncaim:

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** shochar eacnamaíocha do Gheilleagar na hÉireann a bhaineann le rátaí níos ísle sa cháin ioncaim;
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíocha do Gheilleagar na hÉireann a bhaineann le rátaí níos ísle sa cháin ioncaim.

*(20 marc)*

**(c)** D'fhorbair an t-eacnamaí Adam Smith prionsabail an chánachais seo a leanas:

**COTHROMAS** **BARAINNEACHT** **CINNTEACHT** **ÁIS**

(i) Mínigh **gach** ceann de phrionsabail an chánachais thuas;
(ii) Déanann na Coimisinéirí Ioncaim iarracht an leibhéal den imghabháil cánach in Éirinn a laghdú. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus bain úsáid as sampla.

*(30 marc)*
**[75 marc]**

**6.** **(a)** Le cabhair ó Ghníomhaireacht Bhainistíochta na Cistíochta Náisiúnta tá ag éirí go maith leis an rialtas fiachas náisiúnta na hÉireann a laghdú agus ag an am céanna leanúint ag infheistiú i mbonneagar na tíre.

(i) Mínigh an dá théarma a bhfuil líne fúthu.
(ii) Luaigh **trí** aidhm eacnamaíocha eile atá ag an rialtas.
(iii) Scríobh nótaí gearra ar gach ceann de na haidhmeanna seo.

*(25 marc)*

**(b)** Tá a lán fadhbanna le sárú ag na tíortha beagfhorbartha (LDC *i mBéarla*). Fadhb amháin díobh sin ná méadú san fhiachas náisiúnta.

(i) Luaigh agus mínigh **trí** fhadhb eacnamaíocha eile atá ag na tíortha seo.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh rialtais na dtíortha beagfhorbartha a dhéanamh chun na fadhbanna seo a réiteach.

*(25 marc)*

**(c)** Tá sé mar aidhm ag an Rialtas, ag an nGarda Síochána agus ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, líon na dtimpistí agus na mbásanna ar bhóithre na hÉireann a laghdú.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun an aidhm seo a bhaint amach.
(ii) Má éiríonn leis agus má laghdaítear líon na mbásanna, pléigh na hiarmhairtí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt seo ar **gach** ceann díobh seo a leanas:
   - líon na ndaoine a thagann go seomraí timpistí agus éigeandála na n-ospidéal;
   - costais árachas gluaisteán.

*(25 marc)*
**[75 marc]**

**7.** **(a)** Sa tábla thíos taispeántar Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh.

| | **ASCHUR** | |
|---|---|---|
| | **UACHTAR REOITE** | **SEACLÁID** |
| AN IODÁIL | **800 kg** an t-oibrí | **600 kg** an t-oibrí |
| AN BHEILG | **400 kg** an t-oibrí | **200 kg** an t-oibrí |
| **ASCHUR IOMLÁN** | **1200 kg** do 2 oibrí | **800 kg** do 2 oibrí |

Cé go bhfuil an Iodáil níos éifeachtaí i dtáirgeadh an dá earra, ba chóir don dá thír speisialú i dtáirgeadh earra amháin.

(i) Cé acu earra díobh ba chóir don Iodáil a tháirgeadh? Mínigh do fhreagra go hachomair.
(ii) Cé acu earra díobh ba chóir don Bheilg a tháirgeadh? Mínigh do fhreagra go hachomair.
(iii) Má déanann an dá thír speisialú san earra atá roghnaithe agat, ríomh an t-aschur iomlán iarmhartach. **Taispeáin do chuid oibre.**

*(20 marc)*

**(b)** Uaireanta socraíonn rialtais srian a chur ar an tsaorthrádáil idirnáisiúnta nuair a chuireann siad bacainní i bhfeidhm, e.g. taraifí.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh **dhá** mhodh eile a d'fhéadfadh rialtais a úsáid chun srian a chur ar an tsaorthrádáil.
(iii) Cén fáth a dteastódh ó rialtais srian a chur ar an tsaorthrádáil? Luaigh agus mínigh **dhá** chúis.

*(25 marc)*


**(c)** Is gnách go mbíonn an ráta boilsciú praghsanna in Éirinn níos airde ná tíortha eile san AE.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a mbíonn boilsciú praghsanna níos airde in Éirinn de ghnáth ná i dtíortha eile an AE.
(iii) Luaigh agus mínigh na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag boilsciú níos airde praghsanna in Éirinn orthu seo:

- **onnmhairí** na hÉireann go dtí an AE;
- **allmhairí** na hÉireann ón AE.

*(30 marc)*
**[75 marc]**

**8.** **(a)** Sa léaráid thíos taispeántar sreabhadh ciorclach an ioncaim i n**geilleagar iata** gan Rialtas.




(i) Mínigh an bhrí atá leis an téarma 'geilleagar iata'.

(ii) Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar. Lipéadaigh go soiléir gach ceann de na línte **(1)** go **(3)**.

(iii) Déan tagairt don léaráid thuas agus mínigh go hachomair na cineálacha beart / gníomhaíochtaí a tharlaíonn idir na teaghlaigh agus na gnólachtaí.

*(25 marc)*

**(b)** Tugtar duit: Ioncam Náisiúnta mar **Y = C + I + G + X – M**.

C = €1,200m I = €500m G = €300m X = €40m M = €80m.

(i) Luaigh cad a seasann gach ceann de na litreacha / siombailí thuas dó.

(ii) Bain úsáid as na figiúirí a thugtar agus ríomh leibhéal an Ioncaim Náisiúnta. **Taispeáin do chuid oibre.**

*(20 marc)*

**(c)** Tugtar an t-eolas seo a leanas duit maidir le tír áirithe.

| | 1998 | 2008 |
|---|---|---|
| OTN ag praghsanna an mhargaidh | €2,500 milliún | €2,700 milliún |
| Daonra | 5 mhilliún | 6 mhilliún |

(i) Cad a seasann na ceannlitreacha OTN (GNP *i mBéarla*) dó?

(ii) Ríomh an OTN in aghaidh an duine don dá bhliain. **Taispeáin do chuid oibre go léir.**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíocha do thír a d'fhéadfadh teacht as **laghdú** san OTN in aghaidh an duine.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán